# CINNEADH (CBES) 2020/955 ÓN gCOMHAIRLE

## an 30 Meitheamh 2020

## lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2005, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ([1]), lenar bunaíodh Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah).

(2) An 28 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1115 ([2]), lenar leasaíodh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES agus lenar cuireadh síneadh léi go dtí an 30 Meitheamh 2020.

(3) An 16 Aibreán 2020, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ('CPS') gur cheart, i ngeall ar phaindéim COVID-19, EU BAM Rafah a shíneadh leis an sainordú céanna, go ceann tréimhse bhreise 12 mhí, go dtí an 30 Meitheamh 2021, ar an tuiscint go mbeidh an Misean faoi réir Athbhreithniú Straitéiseach a luaithe a cheadófar sin sna himthosca.

(4) Ba cheart méid tagartha airgeadais don tréimhse nua seo dar fad bliain amháin a dheonú do EU BAM Rafah.

(5) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES a leasú dá réir.

(6) Cuirfear EU BAM Rafah i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meathlú teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 2180000.00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EU BAM Rafah a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021."

(2) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Rachaidh sé in éag ar an 30 Meitheamh 2021."

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES an 25 Samhain 2005 ón gComhairle maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 327, 14.12.2005, lch. 28).

([2]) Cinneadh 2019/1115 (CBES) ón gComhairle an 28 Meitheamh 2019 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 176, 1.7.2019, lch. 6).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ